## Tá na tíortha ailínithe le haghaidh Mí Chibearshlándála na hEorpa

Beidh Gníomhaireacht Eorpach um Shlándáil Líonra agus Faisnéise (ENISA), AS na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta de chuid an Choimisiúin Eorpaigh agus Comhpháirtithe ag seoladh Mí Chibearshlándála na hEorpa (ECSM) go hoifigiúil an 1 Deireadh Fómhair, 2014. Is feachtas tathanta AE é an ECSM trína gcuirfear an chibearshlándáil chun cinn i measc na saoránach agus spreagann sé athrú ar an tuiscint atá againn ar chibearbhagairtí, trí shonraí agus slándáil faisnéise, oideachas, comhroinnt an dea-chleachtais agus comórtais a chur chun cinn.

**Seoladh oifigiúil**

I mbliana, seolfar an ECSM go comhuaineach le hócáid ardleibhéal ENISA "Cibearshlándáil na hEorpa á daingniú le 10 mbliana anuas… agus níos faide anonn!" ag oifigí Ionadaíocht Shaorstáit na Baváire chuig an Aontas Eorpach sa Bhruiséil.

Ag an ócáid ardleibhéil, beidh an Mhí Chibearshlándála ag díriú ar "*Páirt a thabhairt don saoránach*", le hionadaithe ó Code Week, ón Mór-Chomhghuaillíocht maidir le Poist, ó chomhpháirtithe Eorpacha agus SA, arna leanúint le plé faoi stiúir François Thill, Uasal, ó fhoireann chomhordaithe Lucsamburg (LU) ar an ECSM.

Seo a leanas ráiteas an Choimisinéara Kroes le haghaidh an ECSM: "Is iomaí buntáiste a thugann an tIdirlíon agus a sheirbhísí uile don tsochaí seo againne: ní hé an rud is lú de fás an gheilleagair agus na milliúin post. Ach is gá iontaoibh a bhunú agus a athchothú más mian linn na buntáistí sin uile a bheith againn. Maidir leis an gcibearshlándáil, is é ár gcomhleas é a bheith níos freagrúla agus níos athléimní i dtaca le cibearbhagairtí. Is féidir le ENISA ról straitéiseach agus ról oibríochtúil a ghlacadh le cinntiú go mbeidh an Eoraip, in éineacht le páirtithe poiblí agus páirtithe príobháideacha, ullamh don dúshlán. Ní mór dúinn uile ár gcion a dhéanamh chun dúshlán na cibearshlándála a thabhairt: gach saoránach, gach gnóthas, gach rialtas. Mar sin tá súil agam go músclófar tuilleadh feasachta le linn Mí Chibearshlándála na hEorpa – cuirimis daoine ag caint! "

Ráiteas ón Ollamh Udo Helmbrecht, Stiúrthóir Feidhmiúcháin ENISA, maidir leis an ESCM: "*Ní fada uainn anois an t-idirlíon rudaí, ina mbeidh gach gléas leictreonach insroichte agus inaitheanta ar an idirlíon amháin. Beidh tionchar ollmhór aige sin ar gach gné de shaol laethúil an tsaoránaigh, de bhrí go mbraitheann na ríomhsheirbhísí uile ar chibearspás oscailte slán sábháilte. Is iad seo na teicneolaíochtaí atá á gcruthú inniu agus a chuirfidh seirbhísí ar fáil dúinn san am atá romhainn.*

*Mar sin ní mór do gach saoránach a bheith páirteach go gníomhach i bhfeabhsú shlándáil na faisnéise, agus do ENISA próisis feabhsúcháin a éascú, agus do Bhallstáit a chinntiú go dtacaíonn an beartas slándála leis an ngeilleagar idirlíon-bhunaithe a mheastar a bheidh i réim san Eoraip in 2020. Bliain i ndiaidh bliana bhí an chomhpháirtíocht seo bunaithe ar iontaoibh á daingniú againn le haghaidh Mí na Cibearshlándála agus is onóir dom é an rannpháirtíocht mhaith i measc na gcomhpháirtithe. Gabhaim buíochas libh ar fad, thar ceann na foirne!*"

**Gníomh! Ag tarlú le linn Deireadh Fómhair ar an leibhéal áitiúil** Tá an comhphobal tar éis na topaicí seachtainiúla Slándála Líonra agus Faisnéise seo a leanas a roghnú le haghaidh mí Dheireadh Fómhair:

- 1ú seachtain: Fostaithe a oiliúint, díriú ar eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha
- 2ú seachtain: Cosaint agus nuashonrú slándála agus ar PCanna agus gléasanna soghluaiste; ag díriú ar úsáideoirí digiteacha;
- 3ú seachtain: Códú, díriú ar mhic léinn
- 4ú seachtain: Cleachtaí cibearshlándála, díriú ar shaineolas teicniúil;
- 5ú seachtain: ríomhphríobháideacht, díriú ar gach úsáideoir digiteach

Gheofar i roinn "Imeachtaí" den tsuíomh Ghréasáin tiomnaithe, liosta iomlán de na gníomhaíochtaí ECSM a bheidh ag tarlú ar fud na hEorpa. Tugtar an liosta sin cothrom le dáta go rialta. Baineann sé sin le gníomhaíochtaí ar líne agus as líne araon.

Leanfar an ECSM le cruinniú meastóireachta agus le tuairisciú ar an ECSM.

Gheofar thíos liosta iomlán de na comhpháirtithe a bheidh ag comhoibriú in 2014: http://cybersecuritymonth.eu/partners

**Ábhar digiteach atá ar fáil ar líne d'úsáideoirí digiteacha:**

Le linn mhí Dheireadh Fómhair beidh ábhar nua á fhoilsiú ag ENISA **gach seachtain.** Seiceáil an suíomh Gréasáín go rialta!

Inniú foilseomid na chéad ábhair, lena n-áirítear seacht gcinn de Mhionteagasc Faisnéise le moltaí ar thopaicí cibearshlándála i dteangacha éagsúla an AE. Áirítear ar na moltaí leideanna slándála líonra agus faisnéise d'oidí agus d'fhostaithe, na rioscaí a ghabhann le bogearraí nó frith-bhogearraí mailíseacha a úsáid, slándáil i dtaca le néalseirbhísí coitianta (m.sh. meáin shóisialta), cearta ar chosaint sonraí ar líne, agus ceachtanna a foghlaimíodh go dtí seo tríd na Cibearchleachtaí Pan-Eorpacha idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach a éascú.

**Ná dearmad an scéala a scaipeadh!**

Beidh fáilte roimh gach geallsealbhóir i réimse na cibearshlándála bheith rannpháirteach i bhfeachtas ECSM na bliana seo. Lean an cuntas Twitter tiomnaithe (@CyberSecMonth) agus bí páirteach i ngníomhaíochtaí #OctoberNIS Mhí Chibearshlándála na hEorpa. Chun dul i dteagmháil go díreach, scríobh chuig stakeholderrelations [at] enisa.europa.eu faoi bhráid **Daria Catalui**

**Is freagracht chomhroinnte í an Chibearshlándáil. STOP.SMAOINIGH.NASC.**